**UCD School of Education**

Roebuck Building
University College Dublin,
Belfield, Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 716 7965 / 7968 / 7967
F: +353 1 716 1143

**Scoil and Oideachais UCD**

Áras Roebuck
An Coláiste Oilscoile, Baile Átha Cliath,
Belfield, BAC 4, Eire.

# Clár Náisiúnta Oiliúna do Chúntóirí Riachtanas Speisialta: Teastas i dTacaíocht don Ionchuimsitheacht i Scoileanna

Deireadh Fómhair 20

A Phríomhoide, a chara,

Tá mé ag scríobh mar Cheann Scoil an Oideachais sa Choláiste Ollscoile BAC (COBÁC) chun tú a chur ar an eolas faoi chlár oiliúna nua náisiúnta a bheidh ar siúl ar líne do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna). Tá Scoil an Oideachais COBÁC roghnaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) chun an clár oiliúna ar líne seo a dhearadh agus a sholáthar. Tá Scoil Oideachais COBÁC ag comhoibriú le Scoil Altranais, Cnáimhseachais agus Córais Sláinte COBÁC chun an clár a dhearadh agus a sholáthar. Tá an clár seo á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá siad ag tairiscint áiteanna ar an gclár a mhaoiniú do CRSanna atá ag obair i scoileanna faoi láthair.

Beidh cúig mhodúl sa chlár, a chuirfear ar fáil ar líne thar thréimhse 10 mhí. Glacfaidh lucht an chúrsa páirt i léachtaí ar líne a mhairfidh dhá uair an chloig agus a bheidh ar siúl gach seachtain, lasmuigh d'uaireanta scoile. Ina theannta sin, beidh ar rannpháirtithe dul i ngleic le hábhair foghlama agus tascanna gaolmhara a chur i gcrích ar líne. Beidh rochtain acu ar raon cuimsitheach d'acmhainní foghlama. Beidh taifeadtaí de na léachtaí agus na hábhair foghlama a bhaineann leo ar fáil ar líne. Déanfar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn na rannpháirtithe sa chlár agus beidh tasc le cur i gcrích ag deireadh gach modúil. Tar éis dóibh an clár a chríochnú go rathúil, bronnfar Teastas ó Scoil an Oideachais COBÁC ar na rannpháirtithe. Is léachtóirí saineolacha a dhéanfaidh an clár a chur ar fáil agus beidh tacaíocht ar fáil do mhic léinn ó Theicneolaí Oideachais, ó theagascóirí agus ón bhfoireann riaracháin. Beidh seisiún ionduchtaithe ann i dtús an chláir chun na rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi na riachtanais theicniúla agus gnéithe eile den chlár.

Beidh 500 duine páirteach sa chéad chohórt agus tá sé beartaithe an clár a thosú in Eanáir 2021. Seo thíos an clár ama:

| Uimhir an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | Amlíne |
|---|---|---|
| **Modúl 1** | **Oideachas Ionchuimsitheach do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu** | Eanáir - Feabhra 2021 |
| **Modúl 2** | **Deacrachtaí Cumarsáide agus Teanga** | Márta - Aibreán 2021 |
| **Modúl 3** | **Ag Tacú le Scoláirí a bhfuil Uathachas orthu** | Bealtaine - Meitheamh 2021 |
| **Modúl 4** | **Riachtanais Chúram Príomhúil, lena n-áirítear Riachtanais Mhíochaine agus Choimpléascacha** | Meán Fómhair - Deireadh Fómhair 2021 |
| **Modúl 5** | **Forbairt Ghairmiúil Cúntóirí Riachtanas Speisialta** | Samhain - Nollaig 2021 |

UCD School of Education

Roebuck Building
University College Dublin,
Belfield, Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 716 7965 / 7968 / 7967
F: +353 1 716 1143

Scoil and Oideachais UCD

Áras Roebuck
An Coláiste Oilscoile, Baile Átha Cliath,
Belfield, BAC 4, Eire.

**Clár Náisiúnta Oiliúna do Chúntóirí Riachtanas Speisialta:**
**Teastas i dTacaíocht don Ionchuimsitheacht i Scoileanna**

Tá gach CRS atá ag obair faoi láthair i gcóras oideachais na hÉireann, i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta, incháilithe le cur isteach ar an gclár. Creideann Scoil an Oideachais COBÁC, agus Scoil Altranais, Cnáimhseachais agus Sláinte COBÁC, gur tionscnamh fíorthábhachtach é seo a chuirfidh oiliúint fhoirmiúil ar fáil do CRSanna. Bheimis faoi chomaoin agat as na CRSanna i do scoil féin a chur ar an eolas faoin gclár agus iad a spreagadh le cur isteach air. Is é an spriocdháta iarratais don chéad ghrúpa rannpháirtithe ná 15th Samhain 2020. Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar líne ag an nasc seo: **https://www.ucd.ie/education/.** Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait féin nó ó dhuine de na CRSanna sa scoil, is féidir dul i dteagmháil le sna@ucd.ie. Tá leabhrán gearr faoi iamh leis seo a thugann eolas níos mionsonraithe ar an gclár. Cuirfear Lámhleabhar Cúrsaí níos mionsonraithe fós ar fáil do rannpháirtithe i ndiaidh dóibh clárú. Beidh lúcháir orainn fáilte a chur roimh CRSanna ó do scoil ar an gclár.

Le gach dúthracht,

William Kinsella

An tOllamh Cúnta William Kinsella
Ceann Scoil an Oideachais, an Coláiste Ollscoile BÁC